An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Coiste Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

## Téarmaí Tagartha agus Tosca Oibríochtúla Gaolmhara

## Clár Ábhar

1. Cuspóir agus Raon Feidhme an Choiste ..... 3
2. Comhaltaí agus Daoine a Fhreastalaíonn ar Chruinnithe ..... 4
3. Cruinnithe a Sceidealú ..... 6
4. Córam ..... 6
5. Ionchuir don Choiste ..... 7
6. Cinnteoireacht ..... 8
7. Aschuir ón gCoiste ..... 10
8. Timthriall Athbhreithniúcháin na dTéarmaí Tagartha ..... 10

## 1. Cuspóir agus Raon Feidhme an Choiste

1.1 Is é príomhchuspóir Choiste Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an "Coiste") breitheanna a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

i. Fiosrúcháin a thosú faoi alt 110(1) nó faoi alt 123(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an "tAcht");

ii. Freagracht as acmhainní, agus sannadh acmhainní, le haghaidh aon fhiosrúchán a deimhníodh faoi phointe i thuas a sheoladh.

1.2 Féadfaidh an Coiste breitheanna eile a thabhairt maidir le fiosrúcháin freisin agus féadfaidh sé ordachán sonrach a thabhairt maidir le nithe éagsúla, amhail iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- An bonn le fiosrúchán, faoi ailt 111/124 (fiosrúcháin a sheolann an Coimisiún dá dheoin féin) nó faoi ailt 112/113/125 (fiosrúcháin ghearánbhunaithe);
- An cineál fiosrúcháin (agus na nósanna imeachta a leanfar), ag féachaint don rogha dá bhforáiltear in alt 110(1) den Acht agus a fheidhmeofar trí thagairt do chúlra an ní is ábhar don fhiosrúchán;
- Fiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a thosú, i gcás go n-ainmneoidh Údarás eile Cosanta Sonraí cás dá bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina Phríomhúdarás Maoirseachta;
- Fiosrúchán reatha a thiontú ina fhiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí;
- Fiosrúchán reatha a chur siar nó ísliú tosaíochta a thabhairt dó;
- A oiriúnaí atá cur chuige malartach do ní ar leith, lena n-áirítear feidhmiú cumhachtaí;
- Imscrúdú a thosú faoi alt 110(2)(b) den Acht;
- Láimhseáil tosaigh a dhéanamh ar aon ghearán a fuair an Coimisiún ó eagraíocht neamhrialtasach, lena n-áirítear gearáin faoi Airteagal 80(2), go háirithe maidir leis an gcur chuige a ghlacfaidh an Coimisiún i leith dul i dteagmháil leis an eagraíocht neamhrialtasach.

1.3 Áirítear le raon feidhme an Choiste breitheanna maidir le fiosrúcháin trasteorann agus fiosrúcháin eile a thosófar faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Áirítear lena raon feidhme freisin fiosrúcháin a thosaítear faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí.

1.4 Ní dhéanfaidh an Coiste aon bhreithniú ar thograí le haghaidh fiosrúcháin ach amháin i gcás go mbeidh an fiosrúchán de chineál mórscála, i gcás go mbeidh ardriosca d'ábhair sonraí ag baint leis na saincheisteanna lena mbaineann, i gcás go mbeadh an fiosrúchán ag teacht leis an straitéis reatha ón gCoimisiún ar bhealach a chuirfeadh sé cuspóirí an Choimisiúin chun cinn nó i gcás go n-ainmneoidh Údarás eile Cosanta Sonraí na saincheisteanna lena mbaineann le haghaidh fiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.[1] Áirítear leis sin aon nithe a thagann chun cinn

[1] Cé go dtugann an Coiste breitheanna maidir le tograí le haghaidh fiosrúcháin ó gach cuid den Choimisiún, sa chuid is mó de chásanna ní thugann sé aon bhreitheanna maidir le nósanna imeachta gearáin trasteorann a éiríonn ina bhfiosrúcháin i gcás nár thángthas ar réiteach cairdiúil. Tugann an Coiste fógra faoi na cineálacha sin d'fhiosrúcháin ghearáin agus taifeadann sé iad. Cé go bhféadfar iad a thabhairt ar aghaidh chuig céim Airteagal 60 an Bhoird

i ndáil leis na hardáin teicneolaíochta dá bhfuil an Coimisiún ina Phríomhúdarás Maoirseachta, agus nithe suntasacha a eascraíonn as iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ní áirítear le raon feidhme an Choiste imscrúduithe a thosófar faoi na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011), toisc gur gnách go dtosaítear imscrúduithe den sórt sin bunaithe ar ghearán sonrach.[2]

1.5 **N.B. Tríd is tríd, baineann na téarmaí "breitheanna" agus "cinnteoireacht" laistigh de na Téarmaí Tagartha seo leis an obair a dhéanann an Coiste maidir le tosú fiosrúchán a mheas agus maidir le treo a leagan síos ina leith. Tá an úsáid sin ar leithligh go hiomlán ón dóigh a n-úsáidtear na téarmaí "breitheanna" agus "cinnteoireacht" de réir mar a bhaineann siad le cinnteoireacht reachtúil an Choimisiúin faoi ailt 111, 112, 113, 124 agus 125 den Acht.**

## 2. Comhaltaí agus Daoine a Fhreastalaíonn ar Chruinnithe

2.1 Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste.

| Comhalta | Ról | Dualgais |
|---|---|---|
| Tony Delaney | Duine den Lucht Tugtha Breitheanna | • Leas-Choimisinéirí a bhfuil freagracht orthu as fiosrúcháin a sheoladh;<br>• Cinnteoireacht chomhchoiteann le comhthoil maidir le fiosrúcháin a thosú;<br>• Cinnteoireacht aonair maidir leis an gcumas agus an inniúlacht atá ag an aonad féinfhiosrúchán gach fiosrúchán sonrach a thosú agus a chur i gcrích;<br>• An Tionólaí a chur ar an eolas faoi fhiosrúcháin fhéideartha le haghaidh míreanna ar an gclár oibre. |
| Fleur O'Shea | Duine den Lucht Tugtha Breitheanna | |
| Sandra Skehan | Duine den Lucht Tugtha Breitheanna | |
| Cian O'Brien | Duine den Lucht Tugtha Breitheanna | |
| Helen Dixon | Coimisinéir/Duine den Lucht Tugtha Breitheanna | • Ról comhairleach;<br>• Cinnteoireacht chomhchoiteann le comhthoil maidir le fiosrúcháin a thosú;<br>• Bíonn freastal ag brath ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn an duine seo ar fáil. |
| Ultan O'Carroll | Tionólaí an Choiste | • Cruinnithe Coiste a thionól;<br>• Feidhmiú éifeachtach éifeachtúil an Choiste; |

Eorpaigh um Chosaint Sonraí, ní leanann na fiosrúcháin sin an próiseas measúnaithe nó ceadaithe a leantar i bhfiosrúcháin eile a láimhseálann an Coiste. I mionlach beag de na cásanna gearán-bhunaithe seo, áfach, ba cheart go gcuirfear iad faoi bhráid an Choiste. Déantar é seo chun gur féidir leis an gCoiste breithiúnas a thabhairt ar fhiosrúchán gearán-bhunaithe a thionscnamh más dócha go mbeidh gá le haon fiosrúchán ceangailte a thionscnamh chomh maith (b'fhéidir dá thoil an Choimisiúin) a d'fhéadfadh dul i dtionchar ar thoradh an ghearáin.

[2] Féadfar togra le haghaidh fiosrúcháin a dhéanamh chuig an Leas-Choimisinéir iomchuí lena cheadú aige/aici i gcás nach dtitfidh an fiosrúchán beartaithe faoi rannán 1.4.

| | | |
|---|---|---|
| | | • An mór-chomhthéacs oibríochtúil agus na feabhsuithe a theastaíonn chun go mbeidh an Coiste éifeachtach. |

2.2 Is iad seo a leanas na daoine eile a fhreastalaíonn ar chruinnithe Coiste ar bhonn buan.

| Duine a Fhreastalaíonn ar Chruinnithe | Ról | Dualgais |
|---|---|---|
| Dale Sunderland | Comhalta de Choiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin | • Togróir féideartha fiosrúchán;<br>• An Tionólaí a chur ar an eolas faoi fhiosrúcháin fhéideartha le haghaidh míreanna ar an gclár oibre;<br>• Freagracht a ghlacadh as gníomhartha a chomhaontaíonn an Coiste Fiosrúchán a bhaineann lena réimse feidhme;<br>• Bíonn freastal ag brath ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn an duine seo ar fáil. |
| Graham Doyle | Comhalta de Choiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin | • Togróir féideartha fiosrúchán;<br>• An Tionólaí a chur ar an eolas faoi fhiosrúcháin fhéideartha le haghaidh míreanna ar an gclár oibre;<br>• Freagracht a ghlacadh as gníomhartha a chomhaontaíonn an Coiste Fiosrúchán a bhaineann lena réimse feidhme;<br>• Tionchar a imirt ar chumarsáidí ó aschuir agus breitheanna ón gCoiste;<br>• Bíonn freastal ag brath ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn an duine seo ar fáil. |
| Kate Fitzgerald | Rúnaí don Choiste | • An dréachtchlár oibre a ullmhú ar bhonn atrátha;<br>• Ullmhúchán agus ullmhacht ionchur caighdeánach ar fhiosrúcháin reatha agus ar fhiosrúcháin roimhe;<br>• Tograí le haghaidh fiosrúcháin shonracha ó thogróirí a thiomsú;<br>• Lóistíocht cruinnithe a shocrú agus páipéir a scaipeadh;<br>• Miontuairiscí agus cumarsáidí inmheánacha maidir le breitheanna agus ordacháin ón gCoiste. |

2.3 Is iad seo a leanas na daoine eile a fhreastalaíonn ar chruinnithe Coiste.

| Duine a Fhreastalaíonn ar Chruinnithe | Ról | Dualgais |
|---|---|---|
| Cinn Aonaid an Choimisiúin agus daoine eile ón gCoimisiún a fhreastalaíonn ar chruinnithe de réir mar is gá (tríd is tríd, iad sin a raibh freagracht orthu as an ní go dtí seo) | Togróir Fiosrúchán | • An Tionólaí a chur ar an eolas faoi fhiosrúcháin fhéideartha le haghaidh míreanna ar an gclár oibre;<br>• Ullmhacht agus iomláine ionchur don bhreith ón gCoiste maidir le fiosrúchán sonrach;<br>• An bhreith ón gCoiste maidir le fiosrúchán sonrach a chur i ngníomh. |
| Ionadaí an Choimisiúin ar an bhfoghrúpa Forfheidhmiúcháin (a fhreastalaíonn ar chruinnithe de réir mar is gá) | Ionadaí do sheasamh an Choimisiúin ag an bhfoghrúpa Forfheidhmiúcháin | • An foghrúpa Forfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoin mBreith ón gCoimisiún maidir le haon tograí a fhaightear ó Údaráis eile Chosanta Sonraí le haghaidh fiosrúcháin straitéiseacha ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcás gurb é an Coimisiún an Príomhúdarás Maoirseachta. |

## 3. Cruinnithe a Sceidealú

3.1 Bíonn cruinnithe an Choiste le cur ar siúl gach dhá mhí. Féadfar iad a sceidealú de réir mar is gá freisin, ag brath ar líon agus castacht na bhfiosrúchán beartaithe atá le breithniú agus ar a phráinní atá aon cheann de na fiosrúcháin bheartaithe.

3.2 Tugtar fógra faoi chruinnithe Coiste chomh fada roimh ré agus is féidir, ach is féidir go gciorrófar an tréimhse fógra sin mar thoradh ar a phráinní atá fiosrúcháin bheartaithe áirithe.

3.3 Scaiptear an dréachtchlár oibre i dteannta an fhógra faoin gcruinniú Coiste agus tugtar chun críche é ag an gcruinniú féin.

3.4 Tionólfar cruinnithe i bpearsa, trí fhíschomhdháil nó trí chomhdháil teileafóin a mhéid is féidir. Féadfar nós imeachta i scríbhinn a úsáid freisin i gcásanna práinne i gcás nach mbeifear in ann cruinniú grúpa a eagrú nó chun plé le mion-nithe (i gcás go gcomhaontóidh an lucht tugtha breitheanna é sin).

## 4. Córam

4.1 Ceanglaítear le córam go mbeadh ceathrar den chúigear den lucht tugtha breitheanna i láthair don chruinniú, cibé acu i bpearsa, trí fhíschomhdháil, trí chomhdháil teileafóin nó trí nós imeachta i scríbhinn.

4.2 Más rud é nach mbeidh an Tionólaí ar fáil, glacfaidh comhalta eile den Choiste nó den Choiste Ardbhainistíochta an ról sin don chruinniú lena mbaineann.

4.3 Más rud é nach mbeidh an Rúnaí ar fáil, ceapfar rúnaí ionaid don chruinniú lena mbaineann.

## 5. Ionchuir don Choiste

5.1 Tá dhá phríomhchineál ionchuir ann: 1) tograí le haghaidh fiosrúcháin fhéideartha, agus 2) tuarascáil achomair chaighdeánach ar gach fiosrúchán reatha agus roimhe.

5.2 I gcás chineál 1) thuas, ullmhaíonn príomhthogróir an fhiosrúcháin fhéideartha an togra le haghaidh an fhiosrúcháin lena mbaineann trí úsáid a bhaint as an Teimpléad do Thogra le haghaidh Fiosrúcháin arna cheadú ag an gCoiste. Leagtar amach sa teimpléad an gnáthchineál faisnéise ba cheart a sholáthar i dtogra le haghaidh fiosrúcháin, bíodh sé ina thogra i scríbhinn nó ina thogra ó bhéal. Tá treoirnótaí tugtha laistigh den teimpléad. I gcás tograí le haghaidh fiosrúchán reatha a thiontú ina fhiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, is leor, mar ionchur don Choiste in áit togra le haghaidh fiosrúcháin, an doiciméadacht a cuireadh faoi bhráid an fhoghrúpa Forfheidhmiúcháin inar moladh an cás de chuid údarás maoirseachta na hÉireann a thiontú ina fhiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

- B’fhearr go ndéanfaí gach togra le haghaidh fiosrúcháin a scaipeadh i scríbhinn ar an gCoiste roimh an gcruinniú; mar sin féin, féadfar an togra i scríbhinn a nuashonrú arís roimh an gcruinniú, nó ag an gcruinniú, ionas go mbeidh an bhreith ón gCoiste bunaithe ar an bhfaisnéis agus an anailís is déanaí. In imthosca práinneacha, féadfar togra a sholáthar ó bhéal ag an gcruinniú Coiste agus achoimre i scríbhinn ar an togra a sholáthar tar éis an chruinnithe.
- I ngach togra le haghaidh fiosrúcháin, ba cheart aird a thabhairt ar an obair atá ar bun cheana ag baill de na hAonaid Fiosrúchán agus de na hAonaid Chomhairliúcháin chun nach mbeidh aon dúbailt saothair ann ar fud foirne.
- Tríd is tríd, is é an t-aonad a raibh an fhreagracht air as an ní <u>go dtí seo</u> a ullmhaíonn togra le haghaidh fiosrúcháin. Mar sin féin, le linn dó an togra a ullmhú, is féidir gur fiú comhoibriú leis an Aonad Fiosrúchán iomchuí ar dhóigh go sannfaí an fiosrúchán dó dá gceadófaí an togra.
- Ba cheart gach togra le haghaidh fiosrúcháin a bheith <u>chomh gearr agus chomh gonta agus is féidir</u>. Ag an am céanna, ba cheart an togra a bheith soiléir maidir leis na moltaí atá á ndéanamh ag an togróir, mar shampla trí thagairt a dhéanamh d’inneachar réamh-mheasta fhógra tosach feidhme an fhiosrúcháin.

5.3 I gcás chineál 2) thuas, tiomsaíonn Rúnaí an Choiste an tuarascáil achomair chaighdeánach ar gach fiosrúchán reatha agus roimhe, bunaithe ar na stórais sonraí bainistíochta cásanna a úsáideann aonaid fiosrúchán an Choimisiúin. Áirítear leis an tuarascáil sin faisnéis achomair chaighdeánach faoi gach fiosrúchán, mar aon le faisnéis faoi stádas reatha gach fiosrúcháin.

- Tá faisnéis faoi fhiosrúcháin roimhe ag teastáil chun breithniú a dhéanamh ar luach fasaigh an fhiosrúcháin bheartaithe, ar chastacht choibhneasta agus fad ama féideartha an fhiosrúcháin

bheartaithe, agus ar thromchúis choibhneasta an tsáraithe fhéideartha atá á mholadh lena fhiosrú;

- Tá faisnéis faoi fhiosrúcháin reatha ag teastáil chun breithniú a dhéanamh ar an bpíblíne reatha oibre fiosrúcháin agus ar an gcumas atá ag an eagraíocht an fiosrúchán beartaithe a thosú.
- Ós rud é go bhféadfar an Coiste a thionól ar fhógra measartha gearr, is gá an achoimre chaighdeánach agus an fhaisnéis stádais sin a thiomsú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, cinnteoidh Rúnaí an Choiste go mbeidh an tuarascáil ar fáil agus go dtiomsófar ar bhonn míosúil í.
- Meastar fiosrúchán a bheith ina fhiosrúchán "roimhe" tar éis breith a eisiúint ina leith faoi ailt 111, 112, 124 nó 125 den Acht.

5.4 I dteannta an dá phríomhchineál ionchuir atá leagtha amach i míreanna 5.2 agus 5.3 thuas, féadfar ábhair eile a chur i láthair an Choiste, lena n-áirítear ábhair a bhaineann le míreanna a thagann faoi raon feidhme mhír **Error! Reference source not found.** thuas, mar shampla:

- Faisnéis eatramhach ar ní a d'fhéadfaí a mholadh lena fhiosrú ag cruinniú Coiste tráth níos déanaí, ionas go bhféadfaidh an Coiste ordachán a thabhairt, más gá;
- Faisnéis faoi fhiosrúcháin agus obair imscrúdaitheach reatha;
- An cur chuige beartaithe i leith dul i dteagmháil le heagraíocht neamhrialtasach a bhfuair an Coimisiún gearán fúithi.
- Nithe eile lena mbaineann leas suntasach i ndáil le fiosrúcháin ar gá plé a dhéanamh orthu.

5.5 Bíonn an dréachtchlár oibre ina ionchur caighdeánach do chruinnithe Coiste freisin. Eisíonn an Rúnaí é roimh an gcruinniú.

## 6. Cinnteoireacht

6.1 Is le comhthoil an lucht tugtha breitheanna a thugann an Coiste breitheanna, a mhéid is féidir.

6.2 Tá cinnteoireacht an Choiste dírithe go príomha ar na nithe seo a leanas:

i. Fiosrúcháin a thosú faoi alt 110(1) nó faoi alt 123(1) den Acht;

ii. Freagracht as acmhainní, agus sannadh acmhainní, le haghaidh aon fhiosrúchán a deimhníodh faoi phointe i thuas a sheoladh.

6.3 I gcás chineál breithe i thuas, déanann an Coiste breithniú ar an dá cheann de na príomh-ionchuir atá leagtha amach i rannán 5 thuas; is é sin, an togra le haghaidh an fhiosrúcháin fhéideartha agus an tuarascáil achomair chaighdeánach araon. Áirítear iad seo a leanas na tosca a chuirtear san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Tromchúis an tsáraithe fhéideartha;
- Scála próiseála na sonraí pearsanta;
- Ábhair imní faoi ardriosca d'ábhair sonraí;

- Saincheisteanna cosanta sonraí ar féidir go dtiocfaidh siad chun cinn i ndáil leis na hardáin teicneolaíochta dá bhfuil an Coimisiún ina Phríomhúdarás Maoirseachta;
- Nithe suntasacha a eascraíonn as iarrataí ar Chúnamh Frithpháirteach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;
- Castacht an cháis agus an fhiosrúcháin fhéideartha;
- Tionchar oibríochtúil an lín gearán a bhaineann leis an bhfiosrúchán féideartha;
- A mhéid a d'fhéadfadh toradh an fhiosrúcháin méadú a dhéanamh ar an deimhneacht dhlíthiúil a bhaineann le cearta, oibleagáidí agus comhthéacsanna ar leith;
- A mhéid atá an fiosrúchán ag teacht leis na tosaíochtaí rialála atá ag an gCoimisiún, a saineofar iad leis an Straitéis Rialála amach anseo;
- A mhéid atá an fiosrúchán ag teacht leis na tosaíochtaí atá ag geallsealbhóirí seachtracha, amhail comhaltaí den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí;
- A mhéid a d'fhéadfaí toradh inbhuanaithe a bhaint amach trí ghníomh rialála eile, mar shampla láimhseáil gearáin, cumhachtaí a chur i bhfeidhm lasmuigh de theorainneacha an fhiosrúcháin, agus araile;
- Saincheisteanna agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le toradh inbhuanaithe inchosanta a bheith á bhaint amach ag an gCoimisiún ón bhfiosrúchán.

6.4 Más rud é go ndeimhneoidh an Coiste go dtosófar fiosrúchán beartaithe faoi phointe i thuas, rachaidh an Coiste ar aghaidh chun breithniú a dhéanamh ar chineál breithe ii thuas, agus an dá cheann de na príomh-ionchuir á gcur san áireamh aige arís. Beidh an bhreith sin dírithe ar a shainaithint cén Leas-Choimisinéir nó cén tAonad Fiosrúchán dá sannfar an fhreagracht as an bhfiosrúchán a sheoladh. Ní thabharfar aon bhreitheanna chun fiosrúchán a leithdháileadh ar Leas-Choimisinéir ach amháin i gcás go mbeidh an Leas-Choimisinéir sin i láthair nó go mbeidh Stiúrthóir ag déanamh ionadaíocht dó/di. Áirítear iad seo a leanas na tosca a chuirtear san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ábhar an fhiosrúcháin a thosófar, a mhéid a bhaineann le croíréimsí an Aonaid Fiosrúchán;
- An phíblíne reatha fiosrúchán agus oibre eile;
- An cumas atá ag an Aonad Fiosrúchán agus na hacmhainní atá ar fáil dó;
- Ceapachán foirmiúil an Leas-Choimisinéara agus an phríomhimscrúdaitheora/na bpríomhimscrúdaitheoirí dá sannfar an fhreagracht as an bhfiosrúchán a sheoladh;
- I gcás cásanna trasteorann, cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an fiosrúchán bheith oiriúnach d'Oibríocht Chomhpháirteach faoi Airteagal 62.3 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;
- I gcás cásanna trasteorann ina bhfuil an fiosrúchán á thosú mar fhiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann acmhainní ar fáil chun rannchuidiú leis an bhfiosrúchán;
- An tionchar iartheachtach ar chumas a bhaineann le cinnteoireacht, sásraí comhair agus comhsheasmhachta, achomhairc fhéideartha, agus araile.

6.5 Féadfaidh an Coiste breitheanna eile a thabhairt maidir le fiosrúcháin freisin agus féadfaidh sé ordachán sonrach a thabhairt maidir le nithe éagsúla, amhail iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Cur chuige sonrach an fhiosrúcháin, mar shampla cé acu ba cheart é a sheoladh dá dheoin féin nó ar bhonn gearánbhunaithe, agus na nósanna imeachta a leanfar;
- An breithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara i ngearán dá dheoin féin;
- Fiosrúchán reatha a chur siar nó ísliú tosaíochta a thabhairt dó;
- A oiriúnaí atá cur chuige malartach do ní ar leith, lena n-áirítear feidhmiú cumhachtaí;
- An fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag alt 135 den Acht maidir le fiosrúchán sonrach;
- Fiosrúchán straitéiseach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a thosú;
- Imscrúdú a thosú faoi alt 110(2)(b) den Acht;
- Láimhseáil tosaigh a dhéanamh ar aon ghearán a fuair an Coimisiún ó eagraíocht neamhrialtasach, lena n-áirítear gearáin faoi Airteagal 80(2), go háirithe maidir leis an gcur chuige a ghlacfaidh an Coimisiún i leith dul i dteagmháil leis an eagraíocht neamhrialtasach.

## 7. Aschuir ón gCoiste

7.1 Is é an príomh-aschur ó gach cruinniú Coiste ná tacar dréacht-mhiontuairiscí ina bhfuil mionsonraí faoi na breitheanna a tugadh agus faoi na hordacháin a tugadh do mhíreanna a thagann faoi mhír 6.5 thuas. Déantar an clár oibre deiridh, mar a dheimhnítear ag an gcruinniú féin, a eisiúint i dteannta na ndréacht-mhiontuairiscí freisin.

7.2 Eisítear aschuir ón gcruinniú chuig na daoine a d'fhreastail ar an gcruinniú Coiste ar an gcéad ásc. Postáiltear iad ina dhiaidh sin ar shuíomh inlín Faisnéise an Choimisiúin chun críocha tagartha ar fud an Choimisiúin agus lena n-úsáid ar bhonn rúnda inmheánach amháin.

7.3 A luaithe a chuirfear tús foirmiúil le fiosrúchán, tar éis breith ón gCoiste, beidh aschuir eile ann a bhaineann leis an tosach feidhme, ar aschuir iad a mbeidh an príomhimscrúdaitheoir freagrach astu. Áirítear leo sin, mar shampla, an fógra tosach feidhme, an fógra achomair do chóras IMI an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí más gá, pointí faisnéise d'fhoireann Cumarsáide an Choimisiúin i gcás ceisteanna, agus araile.

## 8. Timthriall Athbhreithniúcháin na dTéarmaí Tagartha

8.1 Rinne an Coiste Fiosrúchán na Téarmaí Tagartha seo a athbhreithniú agus a dheimhniú an 05/12/2023, agus tá éifeacht leo ón dáta sin.

8.2 Déanfar na Téarmaí Tagartha seo a athbhreithniú, a leasú agus a athdheimhniú ar bhonn bliantúil nó de réir mar is gá chun athruithe riachtanacha a éascú, agus aird á tabhairt ar thosca amhail éifeachtúlacht an phróisis cinnteoireachta agus éifeachtacht na gcumarsáidí maidir le breitheanna ón gCoiste chuig an gcuid eile den Choimisiún.